2025/602

27.3.2025

CINNEADH (AE) 2025/602 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2024

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le modhnuithe ar Fhoscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór den pháirt eile [1] ('an Comhaontú'), shínigh an tAontas é an 26 Meitheamh 2012 i gcomhréir le Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle [2] a mhéid a bhaineann leis an gColóim agus Peiriú, agus an 11 Samhain 2016 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle [3] a mhéid a bhaineann le hEacuadór. De bhun Airteagal 330(3) den Chomhaontú, tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Márta 2013 ann idir an tAontas agus Peiriú, ó bhí an 1 Lúnasa 2013 ann idir an tAontas agus an Cholóim, agus ó bhí an 1 Eanáir 2017 ann idir an tAontas agus Eacuadór.

(2) De bhun Airteagal 13(2)(g)(iii) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste um Thrádáil a bunaíodh leis an gComhaontú ('an Coiste um Thrádáil') na rialacha tionscnaimh sonracha a bhunaítear in Iarscríbhinn II (Maidir le Sainiú an Choincheapa 'Táirgí Tionscnaimh' agus Modhanna Comhair Riaracháin) a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú. Maidir le Foscríbhinn 2 (Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá ledéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe), Foscríbhinn 2A (Aguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) agus Foscríbhinn 5 (Táirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Peiriú agus Eacuadór maidir leo) a ghabhann le hIarscríbhinn II, tá siad bunaithe faoi láthair ar an ainmníocht faoi na leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe ('CC') arna rialú ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí [4], arna leasú.

(3) Tá an Coiste um Thrádáil le cinneadh a ghlacadh, trí nós imeachta i scríbhinn, lena modhnaítear Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II chun foclaíocht caibidlí, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe a ailíniú agus chun na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a oiriúnú do leagan 2022 de CC, a tugadh isteach an 1 Eanáir 2022. Ar mhaithe le soiléireacht, agus líon na leasuithe is gá a dhéanamh ar na Foscríbhinní á chur san áireamh, is gá iad a ionadú ina n-iomláine.

(4) Meastar go nglacfaidh an Coiste um Thrádáil an Cinneadh le linn an cheathrú ráithe de 2024.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gComhaontú Trádála san Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

(1) IO L 354, 21.12.2012, lch. 3.
(2) Cinneadh 2012/735/AE ón gComhairle an 31 Bealtaine 2012 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile (IO L 354, 21.12.2012, lch. 1).
(3) Cinneadh (AE) 2016/2369 ón gComhairle an 11 Samhain 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le hAontachas leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, chun Aontachas Eacuadór a chur san áireamh (IO L 356, 24.12.2016, lch. 1).
(4) IO L 198, 20.7.1987, lch. 3.

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.

DRÉACHT

CINNEADH Uimh. …/2024 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ TRÁDÁLA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS AN CHOLÓIM, PEIRIÚ AGUS EACUADÓR, DEN PHÁIRT EILE,

an …

lena modhnaítear Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 37 d'Iarscríbhinn II agus pointe (iii) de mhír 2(g) d'Airteagal 13 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 13(2)(g)(iii) den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile [1] ('an Comhaontú') agus le hAirteagal 37 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, déantar foráil go bhféadfaidh an Coiste um Thrádáil an Iarscríbhinn sin a mhodhnú.

(2) I bhFoscríbhinn 2 (Liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe), i bhFoscríbhinn 2A (Aguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil atá le déanamh ar ábhair neamhthionscnaimh le gur féidir stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe) agus i bhFoscríbhinn 5 atá ann faoi láthair (Táirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Peiriú agus Eacuadór maidir leo) a ghabhann le hIarscríbhinn II (Maidir le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus modhanna comhair riaracháin) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, tá siad bunaithe faoi láthair ar an ainmníocht faoi na leaganacha 2012 agus 2017 den Chóras Comhchuibhithe ('CC') arna rialú ag an gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí [2], arna leasú.

(3) Tugadh isteach leasuithe ar CC an 1 Eanáir 2022. Chomhaontaigh na Páirtithe sa Chomhaontú, dá bhrí sin, Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a thabhairt cothrom le dáta chun leagan 2022 de CC ('CC 2022') a léiriú.

(4) Tá Foscríbhinní 2, 2A agus 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú le modhnú chun athruithe ar fhoclaíocht chaibidlí, cheannteidil nó fho-cheannteidil CC 2022 a léiriú, agus chun mionearráidí a cheartú maidir le botúin litrithe agus stíleanna dréachtaithe míchearta sna Foscríbhinní sin.

(5) Cuireann na hathruithe ar Fhoscríbhinn 2 le haghaidh CC 2022 freisin na rialacha táirgeshonracha maidir le ceannteidil CC 1601, 1602, 2404, 3006, 3816, 3822, 3827, 8479, 8524, 8529, 8539, 8541, 8548, 8549, 8806 agus 9021 in áireamh. Le haghaidh na gceannteideal sin, ina n-áirítear táirgí ó cheannteidil eile anois mar gheall ar na hathruithe ar an gCóras Comhchuibhithe, is gá na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha a mhodhnú ionas nach n-athrófar an riail le haghaidh na dtáirgí a cuireadh faoi na ceannteidil sin.

(6) Baineann na hathruithe ar Fhoscríbhinn 5 le tuairisc agus cóid táirgí áirithe faoi cheannteidil 0303, 0307 agus 1605 a thabhairt cothrom le dáta go dtí an leagan is déanaí d'Ainmníocht Chomhcheangailte an Aontais agus cóid TARIC.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Foscríbhinn 2, Foscríbhinn 2A agus Foscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú a mhodhnú. Ní athruithe substainteacha ar na rialacha tionscnaimh caibidlithe iad na modhnuithe sin ,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear Foscríbhinn 2 a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Fhoscríbhinn 2 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, foscríbhinn ina bhfuil an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe.

[1] IO EU L 354, 21.12.2012. lch. 3.
[2] IO CE L 198, 20.7.1987, lch. 3.

Airteagal 2

Cuirtear Foscríbhinn 2A a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Fhoscríbhinn 2A a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, foscríbhinn ina bhfuil an tAguisín a ghabhann leis an liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun stádas tionscnaimh a fháil don táirge monaraithe.

Airteagal 3

Cuirtear Foscríbhinn 5 a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Fhoscríbhinn 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú, foscríbhinn ina bhfuil liosta na dtáirgí a bhfuil feidhm ag fomhír (b) den Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 i dtaca le táirgí tionscnaimh ón gColóim, Eacuadór agus Peiriú maidir leo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an … [60 lá ó dháta glactha an Chinnidh seo].

Arna dhéanamh in/sa …,

Thar ceann an Choiste um Thrádáil,

Thar ceann Pháirtí na Colóime,

Thar ceann Pháirtí Pheiriú,

Thar ceann Pháirtí Eacuadór,

Thar ceann Pháirtí an Aontais,

IARSCRÍBHINN 1

‘Foscríbhinn 2

LIOSTA DEN OIBRIÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH LE GUR FÉIDIR STÁDAS TIONSCNAIMH A FHÁIL DON TÁIRGE MONARAITHE

D’fhéadfadh sé nach gcumhdaítear na táirgí uile a luaitear sa liosta faoin gComhaontú seo. Is gá, dá bhrí sin, na codanna eile den Chomhaontú seo a cheadú.

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
Caibidil 01	Ainmhithe beo	Ní mór na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 a bheith faighte go hiomlán	
Caibidil 02	Feoil agus scairteach feola inite	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 1 agus 2, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
Caibidil 03	Éisc agus crustaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
ex Caibidil 04	Táirgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile, seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
0403	Iógart; bláthach, bainne gruthach agus uachtar gruthach, ceifír agus bainne agus uachtar coipthe nó aigéadaithe eile, bídís comhdhlúite nó ná bídís nó bíodh siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo nó ná bíodh nó bídís blaistithe nó ná bídís nó bíodh torthaí, cnónna nó cócó curtha leo nó ná bíodh	Monarú: – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4 agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 05	Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 5, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán ([1])	
ex 0502	Guaireach agus fionnadh muc, borraí nó torc atá ullmhaithe	Glanadh, dífhabhtú, sórtáil agus díriú guairí agus fionnaidh	
Caibidil 06	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibíní, fréamhacha agus a leithéidí; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach	Ní mór na táirgí uile atá faoi Chaibidil 6 a bheith faighte go hiomlán	
Caibidil 07	Glasraí agus fréamhacha agus tiúbair áirithe atá inite	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
Caibidil 08	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí citris nó mealbhacán	Monarú: – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8 agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 09	Caife, tae, maité agus spíosraí; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal	
0901	Caife, bíodh sé rósta nó díchaiféinithe nó ná bíodh; blaoscanna agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 9, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán ([2])	
Caibidil 10	Gránaigh	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 10, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	

([1]) I gcás táirgí faoi cheannteideal 0504, tá feidhm ag an riail in Airteagal 5(1)(c).
([2]) Féach Nóta 1 i bhFoscríbhinn 2A.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 11	Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta; seachas:	Monarú ina bhfuil na glasraí, na fréamhacha agus na tiúbair inite uile atá faoi Chaibidil 7, na torthaí inite uile atá faoi Chaibidil 8 agus na gránaigh inite uile atá faoi Chaibidil 10 agus a úsáidtear ann faighte go hiomlán	
1101	Plúr cruithneachta	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
ex 1102	Gránphlúr (plúr arbhair Indiaigh)	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil meáchan an ghráin bháin faoi cheannteideal 1005 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge	
ex 1106	Plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe scilligthe atá faoi cheannteideal 0713	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
ex 1108	Stáirse gráin bhuí	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil meáchan an ghráin bhuí faoi cheannteideal 1005 a úsáidtear ann níos mó ná 20 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge	
Caibidil 12	Olashíolta agus torthaí olúla; cineálacha gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; cochán agus farae	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 12, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1301	Leaic; gumaí nádúrtha, roisíní nádúrtha, gumroisíní nádúrtha agus olaroisíní nádúrtha (balsaim, mar shampla)	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 1301 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1302	Súnna glasraí agus úisc phlandúla; substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití; agar agus gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídís modhnaithe nó ná bídís, a fhaightear ó tháirgí plandúla:		
	– Gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídís modhnaithe nó ná bídís, a fhaightear ó tháirgí glasrúla	Monarú as gumalachtaí agus tiúsóirí neamh-mhodhnaithe	
	– Substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha	
	– Eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha
Caibidil 14	Ábhair fíocháin phlandúla; táirgí ó phlandaí nach bhfuil sonraithe ná san áireamh in áit eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 14, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
ex Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó glasrúla; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
1507 go 1508	Ola pónaire soighe, ola phis talún agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge ([3])	

([3]) Féach Nóta 2 d'Fhoscríbhinn 2A.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1509 go 1511	Ola olóige, olaí eile a fhaightear ó ológa amháin, ola pailme agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú ina bhfuil na hábhair ghlasrúla uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán	
1512 go 1515	Ola lus na gréine, ola cróch bréige nó ola síl cadáis, ola cnó cócó (ola copra), ola eithne pailme, ola bhabasú, ola ráibe, ola cholsa, ola mhustaird, saillte agus olaí plandúla nó miocróbacha do-ghalaithe eile (lena n-áirítear ola hahóba) agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge ([4])	
1516	Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, agus a gcodáin, iad hidriginithe, idireistearaithe, atheistearaithe nó eilídinithe, go páirteach nó go hiomlán, bídís scagtha nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha ([5])	
1517	Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shaillte ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, nó d'olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, nó de chodáin de shaillte nó d'olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas na saillte nó na holaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 1516	Monarú: – ar dá thionscnamh ar a laghad 40 faoin gcéad de mheáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear ann, agus – nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha ([6])	
ex Caibidil 16	Ullmhóidí ó fheoil, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh uisceacha eile, nó ó fheithidí; seachas:	Monarú: – as ainmhithe atá faoi Chaibidil 1, agus – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	

([4]) Féach Nóta 2 d'Fhoscríbhinn 2A.
([5]) Féach Nóta 2 d'Fhoscríbhinn 2A.
([6]) Féach Nóta 2 d'Fhoscríbhinn 2A.

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 1601 go ex 1602	Ispíní agus táirgí comhchosúla; ullmhóidí bia; ullmhóidí homaiginithe; táirgí eile ullmhaithe nó leasaithe, ó fheithidí	Monarú ina bhfuil na feithidí atá faoi Chaibidlí 1 agus 4, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
ex Caibidil 17	Siúcraí agus milseogra siúcra; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon chaibidil eile, seachas caibidil an táirge	
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá íon go ceimiceach, i bhfoirm sholadach; síoróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, bíodh sí measctha le mil nádúrtha nó ná bíodh; caramal	Monarú as ábhair atá faoi aon chaibidil eile, seachas caibidil an táirge agus Caibidil 11	
1704	Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó iontu	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 18, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
1803 go 1805	Leafaos cócó, bíodh sé díshaillte nó ná bíodh; im cócó, saill cócó agus ola chócó; púdar cócó nach bhfuil siúcra breise ná substaint eile mhilsithe ann	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus	

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
		– nach mó meáchan an chócó faoi cheannteidil 1801 agus 1802 a úsáidtear ann ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge ([7])	
1806	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1901	Eastóscán braiche; ullmhóidí bia de phlúr, piocuaran, min, stáirse nó eastóscán braiche, nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 40 faoin gcéad a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshaillte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile; ullmhóidí bia d'earraí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404, nach bhfuil cócó iontu nó nach mó ná 5 faoin gcéad a gcion cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn lán-díshaillte, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile:		
	– Eastóscán braiche	Monarú as gránaigh atá faoi Chaibidil 10	
	– "Dulce de leche" ("arequipe" nó "manjar blanco")	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 4 agus a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge	

([7]) Féach Nóta 3 d'Fhoscríbhinn 2A.

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
	– Ullmhóidí déiríochta eile nach mó ná 10 faoin gcéad a gcion solad bainne de réir meáchain	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
	– Eile	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1902	Pasta, bíodh sé cócaráilte nó líonta le búiste (feola nó substaintí eile) nó ná bíodh, nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigití, macarón, núdail, lasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, bíodh sé ullmhaithe nó ná bíodh:		
	– Ina bhfuil 20 faoin gcéad nó níos lú de réir meáchain d'fheoil, scairteach feola, iasc, crústaigh nó moilisc	Monarú ar dá thionscnamh na hábhair uile atá faoi Chaibidil 11, agus a úsáidtear ann. Féadfar cruithneacht chrua agus a díorthaigh faoi Chabidil 11 a úsáid, áfach	
	– Ina bhfuil 20 faoin gcéad nó níos mó de réir meáchain d'fheoil, scairteach feola, iasc, crústaigh nó moilisc	Monarú: – ar dá thionscnamh na hábhair uile faoi Chaibidil 11 agus a úsáidtear ann. Féadfar cruithneacht chrua agus a díorthaigh faoi Chabidil 11 a úsáid, áfach, agus – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2 agus 3 a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
1903	Taipióca agus ionadaigh de atá déanta as stáirse, iad i bhfoirm calóg, gráinní, péarlaí, fuíoll criathair nó foirmeacha comhchosúla	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas as stáirse prátaí atá faoi cheannteideal 1108	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1904	Bianna ullmhaithe a fhaightear trí ghránaigh nó trí tháirgí gránacha a shéideadh nó a róstadh (calóga arbhair, mar shampla); gránaigh (seachas arbhar Indiach) i bhfoirm gránach nó i bhfoirm calóg nó gránach oibrithe eile (seachas plúr, piocuaran agus min), iad réamhchócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile	Monarú: – as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 1806, – ar dá thionscnamh na hábhair uile atá faoi Chaibidil 11, agus a úsáidtear ann. Féadfar cruithneacht chrua agus grán buí Zea indurate agus a ndíorthaigh faoi Chabidil 11 a úsáid, áfach, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1905	Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéirí, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d'úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphápéar agus táirgí comhchosúla	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi Chaibidil 11, agus – nach bhfuil meascáin agus taosanna chun earraí báicéara a aicmítear faoi cheannteideal 1901 a ullmhú níos mó ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí; seachas:	Monarú ina bhfuil na glasraí, torthaí agus cnónna uile atá faoi Chaibidlí 7 agus 8, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
ex 2001	Ionaim, prátaí milse agus codanna inite comhchosúla de phlandaí ina bhfuil, de réir meáchain, 5 % nó níos mó stáirse, agus iad ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
2006	Glasraí, torthaí, cnónna, craiceann torthaí agus codanna eile de phlandaí, iad leasaithe le siúcra (draenáilte, glacé nó criostalaithe)	Monarú: – nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidlí 7 agus 8 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge, agus	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
		– nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2007	Subha, glóthacha torthaí, marmaláidí, purée torthaí nó cnónna agus leafaois torthaí nó cnónna, a fhaightear trí chócaráil, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise eile curtha leo nó ná bíodh	Monarú: – nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidlí 7 agus 8 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 2008	Torthaí, cnónna agus codanna inite eile de phlandaí, iad ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise eile nó biotáille bhreise curtha leo nó ná bíodh, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, seachas	Monarú: – nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidlí 7 agus 8 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
	– Cnónna nach bhfuil siúcra breise nó biotáillí curtha leo	Monarú nach bhfuil luach na gcnónna agus na síolta ola atá faoi cheannteidil 0801, 0802 agus 1202 go 1207 a úsáidtear ann níos mó ná 40 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
	– Im piseanna talún; meascáin atá bunaithe ar ghránaigh; grán buí (arbhar Indiach)	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
	– Croíthe pailme	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 12, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
2009	Súnna torthaí nó cnónna (lena n-áirítear úrfhíon fíonchaor agus uisce cnó cócó) agus súnna glasraí, neamhchoipthe agus nach bhfuil biotáille bhreise curtha leo, bíodh siúcra breise nó ábhar milsiúcháin breise curtha leo nó ná bíodh	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge – nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidlí 7 agus 8 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 21	Ullmhóidí inite ilghnéitheacha; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
2103	Anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha; plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe:		
	– Anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh; tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Féadfar plúr mustaird nó min mhustaird nó mustard ullmhaithe a úsáid, áfach	
	– Plúr mustaird agus min mhustaird agus mustard ullmhaithe	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2104	Anraithí agus bratanna agus ullmhóidí lena n-aghaidh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas glasraí ullmhaithe nó leasaithe atá faoi cheannteidil 2002 go 2005	
2105	Uachtar reoite agus oighear inite eile, bíodh cócó iontu nó ná bíodh	Monarú nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 4 agus a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge	
2106	– Ullmhóidí bia nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, seachas síoróipí siúcra agus ullmhóidí siúcra i bpacáistí níos mó ná 2 kg, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
	– Síoróipí siúcra agus ullmhóidí siúcra i bpacáistí níos mó ná 2 kg, nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteidil 1701 agus 1702, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
ex Caibidil 22	Deochanna, biotáillí agus fínéagar; seachas:	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – ina bhfuil na fíonchaora uile nó ábhair a fhaightear ó fhíonchaora a úsáidtear ann faighte go hiomlán	

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
2202	Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianracha agus uiscí aeraithe, a bhfuil siúcra breise nó ábhar milsithe eile curtha leo nó atá blaistithe, agus deochanna neamhalcólacha eile, seachas súnna torthaí nó glasraí atá faoi cheannteideal 2009	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha, agus – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi cheannteidil 0401 go 0406, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
2207	Alcól eitile gan dínádúrú ar 80 faoin gcéad nó níos mó a neart alcóil de réir toirte; alcól eitile agus biotáillí eile, iad dínádúraithe, d'aon neart	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas faoi cheannteidil 1703, 2207 nó 2208, agus – ina bhfuil na fíonchaora uile nó ábhair a fhaightear ó fhíonchaora a úsáidtear ann faighte go hiomlán	
2208	Alcól eitile gan dínádúrú ar lú ná 80 faoin gcéad a neart alcóil de réir toirte; biotáillí, licéir agus deochanna biotáilleacha eile	Monarú: – as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas faoi cheannteidil 2207 nó 2208, agus – ina bhfuil na fíonchaora uile nó ábhair a fhaightear ó fhíonchaora a úsáidtear ann faighte go hiomlán	
ex Caibidil 23	Iarmhair agus dramhaíl ó na tionscail bhia; farae ullmhaithe d'ainmhithe; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
ex 2301	Min míl mhóir; plúir, min agus millíní, ó éisc nó ó chrústaigh, ó mhoilisc nó ó inveirteabraigh eile uisce, atá mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 2 agus 3, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2303	Iarmhair ó mhonarú stáirse ó arbhar Indiach (gan licéir thiubhaithe lena gcur ar maos a áireamh), inar mó ná 40 faoin gcéad de réir meáchain a cion próitéine, arna ríomh de réir an táirge thirim	Monarú ina bhfuil an grán buí uile a úsáidtear ann faighte go hiomlán	
2304	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola pónairí soighe a úscadh	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 1201, 1204, 1205, 1206 agus 1207	
2306	Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó shaillte plandúla nó miocróbacha nó ó olaí plandúla nó miocróbacha a úscadh, seachas na cinn atá faoi cheannteideal 2304 nó 2305:		
	– Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile a thagann ó ola olóige a úscadh, a bhfuil níos mó ná 3 faoin gcéad de réir meáchain d'ola olóige ann	Monarú ina bhfuil na hológa uile atá faoi Chaibidil 7, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
	– Eile	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteidil 1201, 1204, 1205, 1206 agus 1207	
2309	Ullmhóidí de chineál a úsáidtear i mbeathú ainmhithe	Monarú: – nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 1006, Caibidil 11 agus ceannteidil 2302 agus 2303 a úsáidtear ann níos mó ná 20 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge, – ar dá thionscnamh an molás, an fheoil nó an bainne uile a úsáidtear ann, agus – ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 3 a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 24	tobac agus ionadaigh tobac mhonaraithe; táirgí, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh, atá ceaptha lena nionanálú gan dóchán; táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá ceaptha le nicitín a iontógáil i gcorp an duine; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 24, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
2402	Todóga, seiriúit, todóigíní agus toitíní, as tobac nó as ionadaigh thobac	Monarú ar dá thionscnamh 70 faoin gcéad ar a laghad den tobac neamh-mhonaraithe nó dramhaíl tobac, de réir meáchain, atá faoi cheannteideal 2401 agus a úsáidtear ann	
ex 2403	Tobac lena chaitheamh	Monarú ar dá thionscnamh 70 faoin gcéad ar a laghad den tobac neamh-mhonaraithe nó dramhaíl tobac, de réir meáchain, atá faoi cheannteideal 2401 agus a úsáidtear ann	
2404.11	Táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán ina bhfuil tobac nó tobac athdhéanta	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 24, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
2404.12	Táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán ina bhfuil nicitín	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2404.19	Táirgí atá ceaptha lena n-ionanálú gan dóchán ina bhfuil: – ionadaigh tobac – eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 24, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
2404.91	Táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá beartaithe le nicitín a iontógáil i gcorp an duine, lena dtógáil ó bhéal	Monarú – as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge, agus – nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2404.92	Táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá beartaithe le nicitín a iontógáil i gcorp an duine, lena dtógáil go trasdeirmeach	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2404.99	Táirgí eile a bhfuil nicitín iontu atá beartaithe le nicitín a iontógáil i gcorp an duine seachas trí iad a ionanálú gan dóchán, a thógáil ó bhéal nó a thógáil go trasdeirmeach	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 25	Salann; sulfar; ithreacha agus clocha; ábhair phlástrála, aol agus stroighin, seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
ex 2504	Graifít chriostalach nádúrtha, atá saibhrithe le cion carbóin agus atá íonghlanta agus meilte	An t-ábhar carbóin a shaibhriú, graifít chriostalach amh a íonghlanadh agus a mheilt	
ex 2515	Marmar go díreach gearrtha, trína sábhadh nó trína ngearradh ar bhealach eile, ina bhloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach), nach mó ná 25 cm ar tiús	Marmar (fiú má sábhadh é cheana) a ghearradh, le sábh nó ar bhealach eile, is mó ná 25 cm ar tiús	
ex 2516	Eibhear, porfaire, basalt, gaineamhchloch agus cloch i gcomhair leacht cuimhne nó cloch thógála eile, go díreach gearrtha, le sábh nó ar bhealach eile, ina mbloic nó ina leaca i bhfoirm dhronuilleogach (lena n-áirítear i bhfoirm chearnógach), nach mó ná 25 cm ar tiús	Cloch (fiú má sábhadh í cheana) a ghearradh, le sábh nó ar bhealach eile, is mó ná 25 cm ar tiús	

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2518	Dolaimít chailcínithe	Dolaimít nach bhfuil cailcínithe a chailcíniú	
ex 2519	Carbónáit mhaignéisiam nádúrtha brúite (maighnéidít), i gcoimeádáin shéalaithe go heirméiteach, agus ocsaíd mhaignéisiam, bídís íon nó ná bídís, seachas maignéis chomhleáite nó maignéis atá cailcínithe amach (ar tháinig sintéar uirthi)	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar carbónáit mhaignéisiam nádúrtha (maighnéidít) a úsáid	
ex 2520	Greimlíní ullmhaithe go speisialta le haghaidh fiaclóireachta	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha	
ex 2524	Snáithíní aispeiste nádúrtha	Monarú as tiúchán aispeiste	
ex 2525	Púdar míoca	Míoca nó dramhaíl míoca a mheilt	
ex 2530	Cré-dhathanna, bídís cailcínithe nó púdráilte	Cré-dhathanna a mheilt nó a chailcíniú	
Caibidil 26	Mianta, slaig agus luaith	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	
ex Caibidil 27	Breoslaí mianracha, olaí mianracha agus táirgí de thoradh a ndriogtha; substaintí biotúmanacha; céaracha mianracha; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge	

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2707	Olaí ina bhfuil meáchan na gcomhábhar aramatach iontu níos mó ná meáchan na gcomhábhar neamharamatach, ar olaí iad atá cosúil le holaí mianracha a fhaightear trí tharra guail ardteochta a dhriogadh, is é sin tarra guail ardteochta a ndriogann níos mó ná 65 faoin gcéad de, de réir toirte, ag teocht nach mó ná 250 °C (lena n-áirítear meascáin de bhiotáille peitriliam agus beansól), lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téite	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([8]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 2709	Amholaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha	Driogadh deighilteach a dhéanamh ar ábhair bhiotúmanacha	
2710	Olaí peitriliam agus olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha, seachas cinn amha; ullmhóidí nach bhfuil sonraithe ná áirithe in áit eile, ar olaí peitriliam nó olaí iad a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha 70 faoin gcéad nó níos mó, de réir meáchain, dá bhfuil iontu, agus inarb iad na holaí sin bun-chomhábhair na n-ullmhóidí; olaí dramhaíola	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([9]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2711	Gáis pheitriliam agus hidreacarbóin ghásacha eile	Oibríochtaí scagtha, leachtú agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([10]) nó	

([8]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le “próisis shonracha”, féach Réamhnótaí 7.1 agus 7.3.
([9]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le “próisis shonracha”, féach Réamhnóta 7.2.
([10]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le “próisis shonracha”, féach Réamhnóta 7.2.

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
		Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2712	Glóthach pheitriliam; céir phairifín, céir pheitriliam mhicricriostalta, céir ola, ózaiceirít, céir ligníte, céir mhóna, céaracha mianracha eile, agus táirgí comhchosúla a fhaightear trí shintéis nó trí phróisis eile, bídís daite nó ná bídís	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([11]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2713	Cóc peitriliam, biotúman peitriliam agus iarmhair eile olaí peitriliam nó olaí a fhaightear ó mhianraí biotúmanacha	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([12]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2714	Biotúman agus asfalt, iad nádúrtha; sceall biotúmanach nó sceall ola agus gaineamh tarra; asfailtítí agus carraigeacha asfaltacha	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([13]) nó	

([11]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le "próisis shonracha", féach Réamhnóta 7.2.
([12]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le "próisis shonracha", féach Réamhnótaí 7.1 agus 7.3.
([13]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le "próisis shonracha", féach Réamhnótaí 7.1 agus 7.3.

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
		Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
2715	Meascain bhiotúmanacha atá bunaithe ar asfalt nadúrtha, ar bhiotúman nádúrtha, ar bhiotúman peitriliam, ar tharra mianrach nó ar phic tarra mhianraigh (e.g. maisteoga biotúmanacha)	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([14]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 28	Ceimiceán neamhorgánacha; comhdhúile orgánacha nó neamhorgánacha de mhiotail lómhara, de dhúile tearc-chré, d'eilimintí radaighníomhacha nó d'iseatóip; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2805	"Miotal measctha"	Monarú le cóireáil leictrealaíoch nó theirmeach nach mó luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 2811	Trí-ocsaíd sulfair	Monarú as dé-ocsaíd sulfair	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 40 faoin gcéad de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha

([14]) Maidir le coinníollacha speisialta a bhaineann le "próisis shonracha", féach Réamhnótaí 7.1 agus 7.3.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/602/oj

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 2833	Sulfáit alúmanaim	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha	
ex 2840	Sárbhóráit sóidiam	Monarú as peintihiodráit teitreabóróin déshóidiam	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 40 faoin gcéad de phraghas na dtáirgí díreach ón monarcha
ex 2852	– Comhdhúile mearcair d'éitir inmheánacha agus a gcuid díorthach, halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe	Monarú as ábhair atá faoi cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní ceadmhach luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteideal 2909 a úsáidtear a bheith níos mó ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 40 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
	– Comhdhúile mearcair d'aigéid núicléasacha agus a salainn, bídís sainithe ó thaobh ceimice nó ná bídís; comhdhúile mearcair heitreachioglacha eile	Monarú as ábhair atá faoi cheannteideal ar bith. Mar sin féin, ní bheidh luach na n-ábhar uile atá faoi cheannteidil 2852, 2932, 2933 agus 2934 a úsáidtear, os cionn 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 40 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
	– Albaiminí, albaimíonáití eile agus díorthaigh eile albaimine, ina bhfuil comhdhúile mearcair	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
	– Táirgí ceimiceacha eile agus ullmhóidí eile ó thionscail na gceimiceán nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile, ina bhfuil comhdhúile mearcair	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 40 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Ceannteideal CC 2022	Tuairisc ar an táirge	Oibriú nó próiseáil a dhéantar ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex Caibidil 29	Ceimiceáin orgánacha; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
ex 2901	Hidreacarbóin neamh-thimthriallacha lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([15]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex 2902	Ciogláin agus cigléiní (seachas asailéiní), beinséin, tolúéin, xiléiní, lena n-úsáid mar bhreoslaí cumhachta nó téimh	Oibríochtaí scagtha agus/nó ceann amháin nó níos mó de phróisis shonracha ([16]) nó Oibríochtaí eile ina bhfuil na hábhair uile a úsáidtear iontu aicmithe laistigh de cheannteideal seachas ceannteideal an táirge. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
